



Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Seomra) an 22 Eanáir 2026 (Iarraidh ar réamhrialú ó Najvyšší súd Slovenskej republiky – an tSlóvaic) – Imeachtaí coiriúla i gcoinne AK Dlhopolec s.r.o., MABONEX SLOVAKIA spol. s r.o., A.B., X.Y.

(Cás C-590/24 ⁽¹⁾, AK Dlhopolec agus páirtithe eile)

(Tarchur chun réamhrialú – Nósanna imeachta soláthair phoiblí – Treoir 2014/23 – Dámhachtain conarthaí lamháltais – Treoir 2014/24 – Forais le haghaidh eisiamh – Reachtaíocht náisiúnta lena mbunaítear clár de chomhpháirtithe san earnáil phoiblí – Ceanglas neamhchlaontachta an duine atá údaraithe an comhpháirtí earnála poiblí a iontráil sa chlár sin – Fíneáil a fhorchur as neamhchomhlíonadh an cheanglais sin – Eisiamh uathoibríoch ó rannpháirtíocht i soláthar poiblí i gcás neamhiocaíocht na fíneála sin – Airteagal 49 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Cineál coiriúil an phionóis – Intuarthacht agus comhréireacht an phionóis – Prionsabal na deimhneachta dlíthiúla)

(C/2026/1320)

Teanga an cháis: an tSlóvaicais

An chúirt a rinne an tarchur

Najvyšší súd Slovenskej republiky

Páirtithe sna príomhimeachtaí coiriúla

AK Dlhopolec s.r.o., MABONEX SLOVAKIA spol. s r.o., A.B., X.Y.

An chuid oibríochtúil

- 1) Ní mór Airteagal 49(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus prionsabal na deimhneachta dlíthiúla a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear go gcuirtear cosc ar an duine atá údaraithe chun cuideachta a chlárú i gclár comhpháirtithe san earnáil phoiblí clárú den sórt sin a dhéanamh i gcás ina bhfuil an caidreamh atá aige leis an gcomhpháirtí san earnáil phoiblí de chineál a chaitheann amhras ar a neamhchlaontacht, go háirithe mar gheall ar naisc phearsanta nó airgeadais leis an gcomhpháirtí sin san earnáil phoiblí, gan critéir eile a bheith ann chun an neamhchlaontacht sin a mheasúnú agus cé go mbeadh forchur pionóis choiriúil mar thoradh ar mhainneachtain an ceanglas neamhchlaontachta sin a chomhlíonadh, ar choinníoll, i bhfianaise fhocláíocht na reachtaíochta náisiúnta sin agus a léirithe ar bhonn ghnáthmhodhanna léirmhínte an dlí ag na cúirteanna náisiúnta inniúla, go bhfuil an duine údaraithe sin agus an comhpháirtí sin san earnáil phoiblí in ann a chinneadh, ar bhealach atá soiléir agus beacht go leor, cén gníomhartha agus neamhghníomhartha a d'fhéadfadh iad a chur faoi dhliteanas coiriúil.
- 2) Ní mór Airteagal 49(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus prionsabal na deimhneachta dlíthiúla a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta nach bhforáiltear léi, i gcás nach gcomhlíontar an ceanglas neamhchlaontachta atá ar an duine atá údaraithe chun cuideachta a chlárú i gclár comhpháirtithe san earnáil phoiblí, ach fíneáil a fhorchur ar an gcuideachta sin a chomhfhreagraíonn do mhéid na tairbhe eacnamaíche a fuair sí ina caidreamh leis an earnáil phoiblí, gan na paraiméadair a shonrú chun an tairbhe sin a chinneadh, ar choinníoll gur féidir na paraiméadair sin a dhíorthú ó ghnáthmhodh chun an dlí arna chur i bhfeidhm ag na cúirteanna náisiúnta inniúla a léiriú, ionas go mbeidh an chuideachta in ann na pionóis a d'fhéadfaí a fhorchur uirthi i gcás sárú ar an reachtaíocht sin a chinneadh ar bhealach atá soiléir agus beacht go leor.
- 3) Ní mór Airteagal 49(3) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforchuirtear go huathoibríoch ar chuideachta a sháraigh an reachtaíocht sin fíneáil a chomhfhreagraíonn do mhéid na tairbhe eacnamaíche a fuair sí ina caidreamh leis an earnáil phoiblí, gan an t-údarás inniúil a bheith in ann aon imthosca a bhaineann le sárú na hoibleagáide atá i gceist a chur san áireamh, d'fhonn méid na fíneála sin a chinneadh. Os a choinne sin, ní mór Airteagal 49(3) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear d'fhíneáil a fhorchur laistigh de raon íosmhéideanna agus uasmhéideanna, ar choinníoll go gcuireann an t-údarás inniúil san áireamh, go háirithe, cineál, tromchúis, imthosca agus iarmhairtí an tsáraithe ar an oibleagáid atá i gceist.

⁽¹⁾ IO C, C/2025/703.